**AN tAONTAS EORPACH**

**PARLAIMINT NA hEORPA** **AN CHOMHAIRLE**

**An Bhruiséil, 19 Márta 2019**
**(OR. en)**

**2018/0110 (COD)**
**LEX 1872**

**PE-CONS 84/2/18**
**REV 2**

**TELECOM 488**
**CYBER 327**
**CODEC 2372**

# RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LE CUR CHUN FEIDHME AGUS FEIDHMIÚ AN AINM FEARAINN BARRLEIBHÉIL ARB É .EU AGUS LENA LEASAÍTEAR AGUS LENA nAISGHAIRTEAR RIALACHÁN (CE) UIMH. 733/2002 AGUS LENA nAISGHAIRTEAR RIALACHÁN (CE) UIMH. 874/200 ÓN gCOIMISIÚN

**RIALACHÁN (AE) 2019/...**
**Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**an 19 Márta 2019**

**maidir le cur chun feidhme agus feidhmiú an ainm fearainn barrleibhéil arb é .eu agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 733/2002 agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 874/2004 ón gCoimisiún**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 172 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[1],

Tar éis dóibh dul i gcomhairle le Coiste na Réigiún,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach[2],

---

1 IO C 367, 10.10.2018, lch. 112.
2 Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 31 Eanáir 2019 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus cinneadh ón gComhairle an 18 Feabhra 2019.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Bunaíodh fearann barrleibhéil (TLD) arb é .eu le Rialachán (CE) Uimh. 733/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1] agus le Rialachán (CE) Uimh. 874/2004 ón gCoimisiún[2]. Ó glacadh na rialacháin sin, tá athrú mór tagtha ar an gcomhthéacs polaitiúil agus reachtach san Aontas, ar an timpeallacht ar líne agus ar an margadh.

(2) Mar gheall ar fhorás mear an mhargaidh TLD, agus an tírdhreach digiteach dinimiciúil, tá gá le timpeallacht rialála a sheasfaidh an aimsir agus atá solúbtha. Tá an TLD arb é .eu ar cheann de na cóid tíre TLDanna (ccTLDanna) is mó dá bhfuil ann. Baineann institiúidí, gníomhaireachtaí agus comhlachtaí an Aontais feidhm as an TLD arb é .eu, lena n-áirítear i gcomhair tionscadail agus tionscnaimh Eorpacha. Is é is cuspóir don TLD arb é .eu, trí dhea-bhainistiú, cabhrú chun féiniúlacht an Aontais a fheabhsú agus chun luachanna de chuid an Aontais, amhail an t-ilteangachas, an urraim do phríobháideacht agus do shlándáil úsáideoirí agus an urraim do chearta an duine, mar aon le tosaíochtaí sonracha ar líne, a chur chun chinn ar líne.

(3) Is cuid riachtanach de struchtúr ordlathach an chórais ainmneacha fearainn (DNS) iad TLDanna lena n-áirithítear córas idir-inoibritheach d’aitheantóirí uathúla, atá ar fáil ar fud an domhain, ar aon fheidhmchlár agus ar aon líonra.

---

1 Rialachán (CE) Uimh. 733/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Aibreán 2002 maidir leis an bhFearann Barrleibhéil arb é .eu a chur chun feidhme (IO L 113, 30.4.2002, lch. 1).

2 Rialachán (CE) Uimh. 874/2004 ón gCoimisiún an 28 Aibreán 2004 lena leagtar síos rialacha beartais phoiblí maidir le cur chun feidhme agus feidhmeanna an Fhearainn Barrleibhéil arb é .eu agus na prionsabail lena rialaítear clárú (IO L 162, 30.4.2004, lch. 40).

(4) Ba cheart don TLD arb é .eu úsáid líonraí idirlín, agus rochtain ar líonraí idirlín, a chur chun cinn i gcomhréir le hAirteagal 170 agus Airteagal 171 CFAE, trí chlárú a sholáthar atá comhlánatach le ccTLDanna atá ann cheana agus le clárú domhanda TLDanna cineálacha.

(5) An TLD arb é .eu, ar lipéad é atá soiléir agus so-aitheanta go héasca, ba cheart go mbeadh sé ina nasc leis an Aontas agus leis an margadh Eorpach atá in-aitheanta go soiléir. Ba cheart go gcuirfeadh sé ar chumas gnóthais, eagraíochtaí agus daoine nádúrtha laistigh den Aontas ainm fearainn a chlárú faoin TLD arb é .eu. Tá tábhacht le hainm fearainn den sórt sin a bheith ann chun féiniúlacht an Aontais ar líne a neartú. Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (CE) Uimh. 733/2002 a leasú chun go bhféadfaidh saoránaigh de chuid an Aontais ainm TLD arb é .eu a chlárú, gan beann ar a n-áit chónaithe, ón ... [sé mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].

(6) Ba cheart ainmneacha fearainn sa TLD arb é .eu a leithdháileadh ar pháirtithe incháilithe, ach iad a bheith ar fáil.

(7) Ba cheart don Choimisiún comhar idir an Chlárlann, Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) agus gníomhaireachtaí eile de chuid an Aontais a chur chun cinn, d'fhonn clárúcháin amhantracha agus mhí-úsáideacha ainmneacha fearainn a chomhrac, lena n-áirítear cibearshuiteoireacht, agus nósanna imeachta simplí riaracháin a sholáthar, go háirithe i gcás fiontair bheaga agus mhéanmhéide (FBManna).

(8) Chun cosaint níos fearr a áirithiú maidir le ceart na bpáirtithe conradh a dhéanamh leis an gClárlann agus le Cláraitheoirí faoi seach, ba cheart comhlachtaí atá lonnaithe san Aontas díospóidí maidir le clárú ainmneacha fearainn sa TLD arb é .eu a réiteach tríd an dlí náisiúnta ábhartha a chur i bhfeidhm, gan dochar do na cearta agus na hoibleagáidí a aithníonn na Ballstáit nó an tAontas a eascraíonn as ionstraimí idirnáisiúnta.

(9) Ba cheart don Choimisiún, ar bhonn nós imeachta roghnúcháin atá oscailte, trédhearcach agus neamh-idirdhealaitheach, ag féachaint d'éifeachtúlacht costais agus simplíocht riaracháin, Clárlann a ainmniú don TLD arb é .eu. Chun tacú leis an margadh aonair digiteach, chun féiniúlacht Eorpach ar líne a chruthú agus chun gníomhaíochtaí trasteorann ar líne a spreagadh, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE a tharmligean chuig an gCoimisiún i ndáil leis na critéir incháilitheachta agus roghnúcháin agus an nós imeachta chun an Chlárlann a ainmniú. Tá sé ríthábhachtach, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfaí na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr[1]. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus bíonn rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

---

[1] IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.

(10) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir le cur chun feidhme an Rialacháin seo, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún na liostaí d'ainmneacha fearainn atá forchoimeádta agus atá blocáilte ag na Ballstáit a ghlacadh, chun na prionsabail a bheidh le háireamh sa chonradh idir an Coimisiún agus an Chlárlann a bhunú agus chun an Chlárlann a ainmniú ar mhórfhorais práinne a bhfuil údar cuí leo, go háirithe chun leanúnachas na seirbhíse a áirithiú. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1]. Ba cheart na liostaí sin a thiomsú faoi réir infhaighteacht na n-ainmneacha fearainn agus ainmneacha fearainn ar an dara leibhéal atá forchoimeádta nó cláraithe cheana ag na Ballstáit á gcur san áireamh.

(11) Ba cheart don Choimisiún conradh a dhéanamh leis an gClárlann ainmnithe agus ba cheart a áireamh ann na prionsabail agus na nósanna imeachta mionsonraithe a bhfuil feidhm acu maidir leis an gClárlann i dtaca le heagrú, riar agus bainistiú an TLD arb é .eu. Ba cheart fad cinnte a bheith leis an gconradh agus ba cheart é a bheith in-athnuaite aon uair amháin gan an gá le nós imeachta roghnúcháin nua.

(12) Ba cheart na prionsabail agus na nósanna imeachta a bhaineann le feidhmiú an TLD arb é .eu a chur i gceangal leis an gconradh idir an Coimisiún agus an Chlárlann ainmnithe.

(13) Ní dochar an Rialachán seo do chur i bhfeidhm na rialacha maidir le hiomaíocht dá bhforáiltear in Airteagal 101 agus Airteagal 102 CFAE.

[1] Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

(14) Ba cheart don Chlárlann prionsabail an neamh-idirdhealaithe agus na trédhearcachta a chomhlíonadh, agus ba cheart di bearta a chur chun feidhme chun iomaíocht chothrom a choimirciú, a bheidh le húdarú roimh ré ag an gCoimisiún, go háirithe agus seirbhísí á soláthair ag an gClárlann do ghnóthais lena bhfuil sí in iomaíocht i margaí iartheachtacha.

(15) Is í an Chorparáid Sannta Ainmneacha agus Uimhreacha Idirlín (ICANN) atá freagrach faoi láthair as comhordú a dhéanamh ar cóid atá in ionannas le ccTLD a tharmligean chuig na Clárlanna. Ba cheart don Chlárlann conradh iomchuí a dhéanamh le ICANN lena ndéanfar foráil maidir leis an gcód ccTLD arb é .eu a tharmligean, agus na prionsabail ábhartha arna nglacadh ag Coiste Comhairleach an Rialtais (GAC) á gcur san áireamh.

(16) Ba cheart don Chlárlann comhaontú iomchuí eascró a dhéanamh chun leanúnachas na seirbhíse a áirithiú, agus go háirithe chun a áirithiú go bhféadfar leanúint de bheith ag soláthar seirbhísí don phobal idirlín áitiúil, lena laghad cur isteach is féidir, i gcás tarmligean an athuair nó imthosca eile gan choinne a bheith ann. Ba cheart don Chlárlann cóip leictreonach d’inneachar reatha bhunachar sonraí an TLD arb é .eu a chur faoi bhráid an ghníomhaire eascró ar bhonn laethúil.

(17) Na nósanna imeachta um Réiteach Malartach Díospóide (RMD) a bheidh le glacadh, ba cheart go gcomhlíonfaidís Treoir 2013/11/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1] agus ba cheart do dtabharfaidís aird ar na dea-chleachtais idirnáisiúnta sa réimse seo agus go háirithe moltaí ábhartha na hEagraíochta Domhanda um Maoin Intleachtúil, chun a áirithiú go seachnófar clárúcháin amhantracha agus mhí-úsáideacha a mhéid is féidir. Ba cheart go n-urramófaí leis na nósanna imeachta RMD sin rialacha nós imeachta aonfhoirmeacha atá i gcomhréir leo siúd a leagtar amach i mBeartas Aonfhoirmeach ICANN um Réiteach Díospóidí ar Ainmneacha Fearainn.

(18) Ba cheart foráil a dhéanamh sa bheartas maidir le clárú míchuí ainmneacha fearainn arb iad .eu go ndéanfaidh an Chlárlann na sonraí a gheobhaidh sé a fhíorú, go háirithe sonraí maidir le céannacht na gcláraithe, agus maidir le hainmneacha fearainn a mheasfar le cinneadh deiridh ó chúirt i mBallstát go bhfuil siad clúmhillteach, ciníoch nó contrártha le dlí an Bhallstáit ar bhealach eile, go ndéanfar clárú na n-ainmneacha fearainn sin a chúlghairm nó a bhlocáil amach anseo. Ba cheart don Chlárlann an-chúram a ghlacadh chun cruinneas na sonraí a gheobhaidh sí agus a bheidh ina seilbh aici a áirithiú. Leis an nós imeachta um chúlghairm, ba cheart í deis réasúnach a thabhairt do shealbhóir an ainm fearainn aon sárú ar na critéir incháilitheachta, ar na ceanglais clárúcháin nó ar fhiacha gan íoc a chur ina cheart sula ngabhfaidh éifeacht leis an gcúlghairm.

[1] Treoir 2013/11/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Bealtaine 2013 maidir le réiteach malartach díospóidí le haghaidh díospóidí tomhaltóirí agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2006/2004 agus Treoir 2009/22/CE (Treoir maidir le réiteach malartach díospóidí ar dhíospóidí tomhaltóirí) (IO L 165, 18.6.2013, lch. 63).

(19) Ainm fearainn atá comhionann le hainm, nó atá cosúil leis ar bhealach mearbhlach, a mbunaítear ceart ina leith le dlí an Aontais nó leis an dlí náisiúnta agus a cláraíodh gan cearta ná leas dlisteanach san ainm, ba cheart, i bprionsabal, é a chúlghairm agus, i gcás inar gá, é a aistriú chuig an sealbhóir dlisteanach. I gcás ina n-aimsítear gur úsáideadh ainm fearainn de mheon mímhacánta, ba cheart é a chúlghairm i gcónaí.

(20) Ba cheart go nglacfadh an Chlárlann beartais shoiléire a bhfuil sé mar aidhm leo a áirithiú go ndéanfar clárúcháin amhantracha ainmneacha fearainn a shainaithint go tráthúil agus, i gcás inar gá, ba cheart go n-oibreodh sí i gcomhar le húdaráis inniúla agus le comhlachtaí poiblí eile is ábhartha don chibearshlándáil agus do shlándáil faisnéise atá rannpháirteach go sonrach sa chomhrac in aghaidh na gclárúchán sin, amhail foirne náisiúnta phráinnfhreagartha ríomhaire (CERTanna).

(21) Ba cheart don Chlárlann tacú le gníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí sa chomhrac in aghaidh na coireachta, trí bhearta teicniúla agus eagraíochtúla a chur chun feidhme a bhfuil sé mar aidhm leo údaráis inniúla a chumasú chun rochtain a bheith acu ar na sonraí atá sa Chlárlann chun críocha coireanna a chosc, a bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh, amhail dá bhforáiltear i ndlí an Aontais nó sa dlí náisiúnta.

(22) Ba cheart an Rialachán seo a chur chun feidhme i gcomhréir leis na prionsabail a bhaineann le príobháideachas agus le cosaint sonraí pearsanta. Ba cheart don Chlárlann rialacha, prionsabail agus treoirlínte ábhartha cosanta sonraí an Aontais a chomhlíonadh, go háirithe ceanglais slándála ábhartha, prionsabail an riachtanais, na comhréireachta, an teorannaithe de réir cuspóra, agus tréimhse coinneála sonraí chomhréireach. Ina theannta sin, ba cheart cosaint sonraí pearsanta trí dhearadh agus cosaint sonraí mar réamhshocrú a bheith leabaithe i ngach córas próiseála sonraí agus i ngach bunachar sonraí arna fhorbairt agus arna chothabháil.

(23) D'fhonn maoirseacht thréimhsiúil éifeachtach a áirithiú, ba cheart do chomhlacht neamhspleách iniúchadh a dhéanamh ar an gClárlann, ar chostas na Clárlainne, gach 2 bhliain ar a laghad, chun a dhearbhú, trí bhíthin tuarascáil ar mheasúnú comhréireachta, go gcomhlíonann an Chlárlann na ceanglais a leagtar síos sa Rialachán seo. Ba cheart don Chlárlann an tuarascáil sin a thíolacadh don Choimisiún i gcomhréir lena conradh leis an gCoimisiún.

(24) Ba cheart foráil a dhéanamh sa chonradh idir an Chlárlann agus an Coimisiún maidir le nósanna imeachta chun eagrú, riar agus bainistiú an TLD arb é .eu ag an gClárlann a fheabhsú i gcomhréir le treoracha an Choimisiúin a eascraíonn as na gníomhaíochtaí maoirseachta amhail dá bhforáiltear sa Rialachán seo.

(25) Ina conclúidí an 27 Samhain 2014, dár teideal 'Rialachas an Idirlín', d'athdhearbhaigh an Chomhairle tiomantas an Aontais i leith struchtúir rialachais páirtithe leasmhara éagsúla a chur chun cinn atá bunaithe ar shraith chomhleanúnach de phrionsabail dhomhanda i dtaobh rialachas an idirlín. Tagraíonn rialachas chuimsitheach an idirlín d'fhorbairt agus d'fheidhmiú prionsabal chomhroinnte, norm, rialacha, nósanna imeachta cinnteoireachta agus clár lena múnlaítear forás agus úsáid an idirlín ag rialtais, ag an earnáil phríobháideach, ag an tsochaí shibhialta, ag eagraíochtaí idirnáisiúnta agus ag an bpobal teicniúil, ag gníomhú dóibh uile ina róil faoi seach.

(26) Ba cheart Grúpa Comhairleach na nIl-gheallsealbhóirí .eu a chur ar bun agus é de ról aige comhairle a thabhairt don Choimisiún chun an t-ionchur sa dea-rialachas ar an gClárlann a neartú agus a leathnú. Ba cheart go mbeadh an Grúpa ina léiriú ar shamhail il-gheallsealbhóirí Rialachais an Idirlín, agus a gcomhaltaí, cé is moite díobh siúd a gheofar ó údaráis na mBallstát agus ó eagraíochtaí idirnáisiúnta, ba cheart go gceapfadh an Coimisiún iad ar bhonn nós imeachta oscailte, neamh-idirdhealaitheach agus trédhearcach. An t-ionadaí a gheobhfar ó údaráis na mBallstát, ba cheart é a cheapadh ar bhonn córas uainíochta lena n-áiritheofaí leanúnachas leordhóthanach ó thaobh rannpháirtíocht an Ghrúpa de.

(27) Ba cheart don Choimisiún meastóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht agus ar fheidhmiú an TLD arb é .eu. Ba cheart don mheastóireacht sin féachaint do chleachtais oibre na Clárlainne ainmnithe agus d'ábharthacht chúraimí na Clárlainne. Ina theannta sin, ba cheart don Choimisiún tuarascálacha rialta maidir le feidhmíocht ainm an TLD arb é .eu a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle.

(28) Leis an Rialachán seo, urramaítear na cearta bunúsacha agus comhlíontar na prionsabail a aithnítear i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh (an "Chairt"), mar a chumhdaítear sna Conarthaí iad, go háirithe cosaint sonraí pearsanta, an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh agus faisnéis a fháil, agus cosaint do thomhaltóirí. Ba cheart nósanna imeachta iomchuí de chuid an Aontais a urramú agus deimhin á dheanamh de go ndéanfaidh na forálacha sa dlí náisiúnta lena ndéantar difear don Rialachán seo dlí an Aontais agus, go háirithe, an Chairt a chomhlíonadh. I gcásanna amhrais, ba cheart don Chlárlann treoir a lorg ar an gCoimisiún maidir le comhlíonadh dhlí an Aontais.

(29) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóir an Rialacháin seo, eadhon TLD uile-Eorpach a chur chun feidhme sa bhreis ar na ccTLDanna náisiúnta, a ghnóthú go leordhóthanach, agus, de bharr a fhairsinge agus a éifeachtaí, gur fearr is féidir é a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta mar a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, mar a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a ghnóthú.

(30) Chun srian a chur le haon riosca go dtarlódh suaitheadh i seirbhísí an TLD arb é .eu le linn chur chun feidhme an chreata rialála nua, leagtar síos forálacha idirthréimhseacha sa Rialachán seo.

(31) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (CE) Uimh. 733/2002 a leasú agus a aisghairm, agus ba cheart Rialachán (CE) Uimh. 874/2004 a aisghairm,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

# CAIBIDIL I

## Forálacha Ginearálta

*Airteagal 1*

*Ábhar agus cuspóirí*

1. Leis an Rialachán seo, cuirtear chun feidhme an fearann barrleibhéil náisiúnta ("ccTLD") arb é .eu agus a mhalartaí infhaighte i scripteanna eile, chun tacú leis an margadh aonair digiteach, chun féiniúlacht Eorpach ar líne a chruthú agus chun gníomhaíochtaí trasteorann ar líne a spreagadh. Leagtar síos ann freisin na coinníollacha lena chur chun feidhme, lena n-áirítear ainmniú agus saintréithe na Clárlainne. Bunaítear leis an Rialachán seo freisin an creat beartais dlíthiúil agus ginearálta ar laistigh di a fheidhmeoidh an Chlárlann ainmnithe.

2. Tá feidhm ag an Rialachán seo gan dochar do shocruithe i mBallstáit maidir lena ccTLDanna náisiúnta.

*Airteagal 2*

*Sainmhínithe*

Chun críocha an Rialacháin seo:

(1) ciallaíonn “Clárlann” an t-eintiteas a gcuirtear de chúram air eagrú, riar agus bainistiú an TLD arb é .eu, lena n-áirítear cothabháil na mbunachar sonraí comhfhreagrach agus na seirbhísí um cheisteanna poiblí a bhaineann leo, clárú ainmneacha fearainn, feidhmiú Chlárlann na n-ainmneacha fearainn, feidhmiú fhreastalaithe ainmneacha fearann barrleibhéil (“TLD”) na Clárlainne, agus leithdháileadh comhad creasa TLD ar fhreastalaithe ainmneacha;

(2) ciallaíonn “Cláraitheoir” duine nádúrtha nó dlítheanacha a dhéanann, ar bhonn conartha leis an gClárlann, seirbhísí cláraithe ainm fearainn a sholáthar do chláraithe;

(3) ciallaíonn “prótacail Ainm Fearainn Idirnáisiúnaithe (IDNanna)” caighdeáin agus prótacail lena dtacaítear le húsáid ainmneacha fearainn i gcarachtair nach carachtair den Chód Caighdeánach Meiriceánach um Idirmhalartú Faisnéise (ASCII) iad;

(4) ciallaíonn “bunachar sonraí WHOIS” bailiúchán sonraí ina bhfuil faisnéis maidir le gnéithe teicniúla agus riaracháin na gclárúchán TLD arb é .eu;

(5) ciallaíonn “prionsabail agus nósanna imeachta maidir le feidhmiú an TLD arb é .eu” rialacha mionsonraithe maidir le feidhmiú agus bainistiú an TLD arb é .eu;

(6) ciallaíonn "clárú" sraith beart agus céimeanna nós imeachta, ó thionscnamh go críoch, arna nglacadh ag Cláraitheoirí agus ag an gClárlann arna iarraidh sin do dhuine nádúrtha nó dlítheanach chun críche clárú ainm fearainn a chur chun feidhme ar feadh tréimhse sonraithe.

# CAIBIDIL II
# Cur chun feidhme an TLD arb é .eu

## ROINN 1
## PRIONSABAIL GHINEARÁLTA

*Airteagal 3*

*Critéir incháilitheachta*

Is féidir le haon cheann acu seo a leanas clárú ainm fearainn amháin nó níos mó faoin TLD arb é .eu a iarraidh:

(a) saoránach de chuid an Aontais, gan beann ar a áit chónaithe;

(b) duine nádúrtha nach saoránach de chuid an Aontais é agus is cónaitheoir i mBallstát;

(c) gnóthas atá bunaithe laistigh den Aontas; agus

(d) eagraíocht atá bunaithe laistigh den Aontas gan dochar d'fheidhmiú an dlí náisiúnta.

*Airteagal 4*

*Clárú agus cúlghairm ainmneacha fearainn*

1. Déanfar ainm fearainn a leithdháileadh ar an bpáirtí incháilithe a bhfuil iarraidh faighte uaidh ar dtús ag an gClárlann ar an mbealach ceart go teicniúil mar a leagtar síos sna nósanna imeachta maidir le hiarrataí ar chlárú ar bhonn phointe (b) d'Airteagal 11.

2. Ní bheidh ainm fearainn cláraithe ar fáil lena chlárú arís go dtí go mbeidh an clárú imithe in éag gan athnuachan, nó go dtí go ndéanfar an t-ainm fearainn a chúlghairm.

3. Féadfaidh an Chlárlann ainm fearainn a chúlghairm ar a tionscnamh féin, gan an díospóid a chur faoi bhráid nós imeachta RMD nó nós imeachta breithiúnach, ar na forais seo a leanas:

(a) tá fiacha gan íoc ann atá dlite don Chlárlann;

(b) ní chomhlíonann sealbhóir ainm fearainn na critéir incháilitheachta de bhun Airteagal 3;

(c) sárú ag sealbhóir an ainm fearainn ar na ceanglais maidir le hiarrataí ar chlárú a leagtar síos ar bhonn phointí (b) agus (c) d'Airteagal 11.

4. Féadfar ainm fearainn a chúlghairm freisin agus, más gá, é a aistriú ina dhiaidh sin chuig páirtí eile, tar éis nós imeachta um réiteach malartach díospóidí nó nós imeachta breithiúnach, i gcomhréir leis na prionsabail agus na nósanna imeachta maidir le feidhmiú an TLD arb é .eu a leagtar síos de bhun Airteagal 11, i gcás ina bhfuil an t-ainm sin comhionann le hainm, nó cosúil leis ar bhealach mearbhlach, a mbunaítear ceart ina leith le dlí an Aontais nó leis an dlí náisiúnta, agus i gcás ina bhfuil sé:

(a) cláraithe ag a shealbhóir gan chearta nó leas dlisteanach san ainm; nó

(b) cláraithe nó in úsáid de mheon mímhacánta.

5. I gcás ina gcinntear le cinneadh ó chúirt de chuid Ballstáit go bhfuil ainm fearainn clúmhillteach, ciníoch nó contrártha don bheartas poiblí nó don tsláindáil phoiblí faoi dhlí an Aontais, nó dlí náisiúnta atá i gcomhréir le dlí an Aontais, déanfaidh an Chlárlann é a bhac nuair a gheobhaidh sé fógra faoi chinneadh na cúirte, agus déanfar é a chúlghairm nuair a gheofar an fógra faoi chinneadh críochnaitheach na cúirte. Déanfaidh an Chlárlann na hainmneacha fearainn sin a bhí faoi réir ordú cúirte den sórt sin a bhac ó chlárú a dhéanamh sa todhchaí, fad agus go mbeidh an t-ordú sin fós bailí.

6. Ní bheidh ainmneacha fearainn arna gclárú faoin TLD arb é .eu in-aistrithe ach amháin chuig páirtithe atá incháilithe chun ainmneacha fearainn arb é .eu a chlárú.

*Airteagal 5*

*Teangacha, dlí agus dlínse infheidhme*

1. Déanfar clárú ainmneacha fearainn i gcarachtair uile theangacha oifigiúla institiúidí an Aontais, i gcomhréir leis na caighdeáin idirnáisiúnta atá ar fáil de réir mar a cheadaítear leis na prótacail ábhartha Ainmneacha Fearainn Idirnáisiúnta.

2. Gan dochar do Rialachán (AE) Uimh. 1215/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1] ná do na cearta agus na hoibleagáidí a aithníonn na Ballstáit nó an tAontas a eascraíonn as ionstraimí idirnáisiúnta, ní dhéanfaidh conarthaí idir an Chlárlann agus Cláraitheoirí ná conarthaí idir Cláraitheoirí agus cláraithe ainmneacha fearainn, dlí seachas dlí de chuid na mBallstát a ainmniú mar an dlí is infheidhme, ná ní ainmneoidh siad mar chomhlacht um réiteach díospóide, cúirt, cúirt eadrána nó comhlacht eile atá suite lasmuigh den Aontas.

[1] Rialachán (AE) Uimh. 1215/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2012 maidir le dlínse agus le haithint agus forghníomhú breithiúnas in ábhair shibhialta agus tráchtála (IO L 351, 20.12.2012, lch. 1).

*Airteagal 6*

*Forchoimeád ainmneacha fearainn*

1. Féadfaidh an Chlárlann roinnt ainmneacha fearainn a fhorchoimeád nó a chlárú a mheastar a bheith riachtanach dá cuid feidhmeanna oibriúcháin faoin gconradh dá dtagraítear in Airteagal 8(4).

2. Féadfaidh an Coimisiún treoir a thabhairt don Chlárlann ainmneacha fearainn a fhorchoimeád nó a chlárú go díreach faoin TLD arb é .eu lena n-úsáid ag institiúidí agus comhlachtaí an Aontais.

3. Féadfaidh na Ballstáit, gan dochar d'ainmneacha fearainn a bheidh forchoimeádta nó cláraithe cheana féin, fógra a thabhairt don Choimisiún faoi liosta d'ainmneacha fearainn:

(a) nach bhféadfar iad a chlárú de bhun a ndlí náisiúnta; nó

(b) a fhéadfaidh na Ballstáit a chlárú nó a fhorchoimeád ar an dara leibhéal amháin.

I dtaca le pointe (b) den chéad fhomhír, beidh na hainmneacha fearainn seo a dtabharfar fógra fúthu don Choimisiún teoranta do théarmaí geografacha nó geopholaitiúla a aithnítear go forleathan agus a dhéanann difear d'eagraíocht pholaitiúil nó chríochach na mBallstát.

4. Glacfaidh an Coimisiún na liostaí faoin dtabharfaidh na Ballstáit fógra dó trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 17(2).

*Airteagal 7*

*Cláraitheoirí*

1. Déanfaidh an Chlárlann cláraitheoirí a chreidiúnú i gcomhréir le nósanna imeachta creidiúnúcháin réasúnta, trédhearcacha agus neamh-idirdhealaitheacha a bheidh formheasta ag an gCoimisiún roimh ré. Cuirfidh an Chlárlann na nósanna imeachta creidiúnúcháin ar fáil go poiblí i bhfoirm atá inrochtana go héasca.

2. Cuirfidh an Chlárlann coinníollacha coibhéiseacha i bhfeidhm in imthosca coibhéiseacha i ndáil le cláraitheoirí creidiúnaithe .eu a sholáthraíonn seirbhísí coibhéiseacha. Soláthróidh an Chlárlann seirbhísí agus faisnéis do na cláraitheoirí sin faoi na coinníollacha céanna ,agus ar an gcaighdeán céanna, a sholáthraíonn sí a seirbhísí coibhéiseacha féin.

## ROINN 2
## CLÁRLANN

*Airteagal 8*

*Ainmniú na Clárlainne*

1. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 18 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na critéir incháilitheachta agus roghnúcháin agus an nós imeachta le haghaidh ainmniú na Clárlainne a bhunú.

2. Leagfaidh an Coimisiún amach na prionsabail a bheidh le háireamh sa chonradh idir an Coimisiún agus an Chlárlann, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 17(2).

3. Ainmneoidh an Coimisiún eintiteas ina Chlárlann tar éis an nós imeachta dá dtagraítear i mír 1 agus mír 2 a thabhairt chun críche.

4. Déanfaidh an Coimisiún conradh leis an gClárlann ainmnithe. Sonrófar sa chonradh na rialacha, na beartais agus na nósanna imeachta maidir le soláthar seirbhísí ag an gClárlann agus na coinníollacha ar dá réir a mhaoirseoidh an Coimisiún eagrú, riar agus bainistiú an TLD arb é .eu ag an gClárlann. Beidh teorainn ama leis an gconradh agus beidh sé in-athnuaite aon uair amháin gan gá le nós imeachta roghnúcháin nua a eagrú. Léireoidh an conradh oibleagáidí na Clárlainne agus beidh san áireamh ann na prionsabail agus na nósanna imeachta maidir le feidhmiú an TLD arb é .eu arna leagan síos ar bhonn Airteagal 10 agus Airteagal 11.

5. De mhaolú ar mhír 1, mír 2 agus mír 3, i gcás ina mbeidh mórchúiseanna práinne ann, féadfaidh an Coimisiún an Chlárlann a ainmniú trí ghníomhartha cur chun feidhme atá infheidhme láithreach i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 17(3).

*Airteagal 9*

*Saintréithe na Clárlainne*

1. Beidh an Chlárlann ina heagraíocht neamhbhrabúsach. Beidh a hoifig chláraithe, a riarachán lárnach agus a príomháit ghnó laistigh de chríoch an Aontais aici.

2. Féadfaidh an Chlárlann táillí a ghearradh. Beidh baint dhíreach ag na táillí sin leis na costais a thabhaítear.

*Airteagal 10*

*Oibleagáidí na Clárlainne*

Beidh sé de cheangal ar an gClárlann:

(a) an TLD arb é .eu a chur chun cinn ar fud an Aontais agus i dtríú tíortha;

(b) na rialacha, na beartais agus na nósanna imeachta a leagtar síos sa Rialachán seo, an conradh dá dtagraítear in Airteagal 8(4), agus, go háirithe, dlí an Aontais maidir le cosaint sonraí, a chomhlíonadh;

(c) an TLD arb é .eu a eagrú, a riar agus a bhainistiú ar mhaithe leis an leas poiblí ginearálta agus ardcháilíocht, trédhearcacht, slándáil, cobhsaíocht, intuarthacht, iontaofacht, inrochtaineacht, éifeachtúlacht, neamh-idirdhealú, dálaí córa iomaíochta agus cosaint tomhaltóirí a áirithiú i ngach gné de riar agus de bhainistiú an TLD .eu;

(d) conradh iomchuí a dhéanamh lena bhforáiltear do roghnú an chóid TLD arb é .eu , faoi réir toiliú roimh ré ón gCoimisiún;

(e) clárú ainmneacha fearainn a dhéanamh sa TLD arb é .eu i gcás ina iarrann aon pháirtí incháilithe dá dtagraítear in Airteagal 3 amhlaidh;

(f) a áirithiú, gan dochar d'aon imeachtaí cúirte, agus faoi réir ráthaíochtaí leordhóthanacha nós imeachta do na páirtithe lena mbaineann, an fhéidearthacht do Chláraitheoirí agus cláraithe aon díospóid chonarthach leis an gClárlann a réiteach trí bhíthin nós imeachta um RMD;

(g) infhaighteacht agus sláine bhunachair shonraí na n-ainmneacha fearainn a áirithiú;

(h) comhaontú a dhéanamh, ar a chostas féin agus le toiliú an Choimisiúin, le hiontaobhaí creidiúnach nó le gníomhaire eascró eile atá bunaithe laistigh de chríoch an Aontais, ina n-ainmneofar an Coimisiún mar thairbhí an chomhaontaithe eascró, agus cóip leictreonach cothrom le dáta d'inneachar bhunachar sonraí an TLD arb é .eu a chur faoi bhráid an ghníomhaire eascró nó an iontaobhaí lena mbaineann ar bhonn laethúil;

(i) na liostaí dá dtagraítear in Airteagal 6(3) a chur chun feidhme;

(j) cuspóirí an Aontais i réimse bhainistíocht an idirlín a chur chun cinn, *inter alia* trí bheith rannpháirteach i bhfóraim idirnáisiúnta;

(k) na prionsabail agus na nósanna imeachta maidir le feidhmiú an TLD arb é. eu a leagtar síos ar bhonn Airteagal 11 a fhoilsiú i ngach teanga oifigiúil de chuid institiúidí an Aontais;

(l) comhlacht neamhspleách a fháil chun iniúchadh a dhéanamh, ar chostas na Clárlainne, gach 2 bhliain ar a laghad chun a dheimhniú go gcomhlíonann sí an Rialachán seo, agus toradh na n-iniúchtaí sin a sheoladh chuig an gCoimisiún;

(m) rannpháirt a ghlacadh, arna iarraidh sin don Choimisiún, in obair Ghrúpa Comhairleach na nIl-gheallsealbhóirí arb é .eu agus comhoibriú leis an gCoimisiún chun feidhmiú agus bainistiú an TLD arb é .eu a fheabhsú.

*Airteagal 11*

*Prionsabail agus nósanna imeachta maidir le feidhmiú an TLD arb é .eu*

Beidh sa chonradh a thabharfar i gcrích idir an Coimisiún agus an Chlárlann ainmnithe i gcomhréir le hAirteagal 8(4), na prionsabail agus na nósanna imeachta maidir le feidhmiú an TLD arb é .eu, i gcomhréir leis an Rialachán seo, lena n-áirítear na nithe seo a leanas:

(a) beartas um RMD;

(b) ceanglais agus nósanna imeachta i dtaobh iarrataí ar chlárú, beartas maidir le critéar na gcláraithe a fhíorú, beartas maidir le sonraí cláraithe a fhíorú, agus beartas maidir le clárú amhantrach ainmneacha fearainn;

(c) beartas maidir le clárú mí-úsáideach ainmneacha fearainn agus beartas maidir le sainaithint thráthúil na n-ainmneacha fearainn atá cláraithe agus úsáidte de mheon mímhacánta, dá dtagraítear in Airteagal 4;

(d) beartas maidir le hainmneacha fearainn a chúlghairm;

(e) an chaoi a gcaitear le cearta maoine intleachtúla;

(f) bearta chun a chur ar chumas údarás inniúil rochtain a bheith acu ar shonraí atá sa Chlárlann chun críocha coireanna a chosc, a bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh, dá bhforáiltear i ndlí an Aontais nó sa dlí náisiúnta atá i gcomhréir le dlí an Aontais, faoi réir srianta agus ceartúcháin iomchuí;

(g) nósanna imeachta mionsonraithe trína ndéanfar an conradh a leasú.

*Airteagal 12*

*Bunachar sonraí WHOIS*

1. Déanfaidh an Chlárlann saoráid bunachair sonraí WHOIS a chur ar bun agus a bhainistiú, le dícheall cuí, chun slándáil, cobhsaíocht agus athléimneacht TLD arb é .eu a áirithiú trí fhaisnéis chlárúcháin chruinn agus cothrom le dáta a sholáthar maidir leis na hainmneacha fearainn faoin ccTLD arb é .eu.

2. Beidh faisnéis ábhartha sa bhunachar sonraí WHOIS faoi na pointí teagmhála lena riartar na hainmneacha fearainn faoin TLD arb é .eu agus faoi shealbhóirí na n-ainmneacha fearainn. Ní bheidh an fhaisnéis sa bhunachar sonraí WHOIS iomarcach a mhéid a bhaineann le cuspóir an bhunachair sonraí. Beidh an Chlárlann i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1].

---

[1] Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1).

## ROINN 3
## FORMHAOIRSEACHT AR AN GCLÁRLANN

*Airteagal 13*

*Maoirseacht*

1. Déanfaidh an Coimisiún faireachán agus maoirseacht ar eagrú, riar agus bainistiú an TLD arb é .eu ag an gClárlann.

2. Fionnfaidh an Coimisiún fóntacht bhainistíocht airgeadais na Clárlainne agus comhlíonadh na Clárlainne leis an Rialachán seo agus leis na prionsabal agus na nósanna imeachta maidir le feidhmiú an TLD arb é .eu dá dtagraítear in Airteagal 11. Féadfaidh an Coimisiún faisnéis a iarraidh ón gClárlann chuige sin.

3. I gcomhréir lena chuid gníomhaíochtaí maoirseachta, féadfaidh an Coimisiún treoracha sonracha a chur in iúl don Chlárlann chun eagrú, riar agus bainistiú an TLD .eu a cheartú nó a fheabhsú.

4. Féadfaidh an Coimisiún, de réir mar is iomchuí, dul i gcomhairle le Grúpa Comhairleach na nIl-gheallsealbhóirí arb é .eu agus le geallsealbhóirí ábhartha eile agus comhairle saineolaithe a lorg maidir le torthaí na ngníomhaíochtaí maoirseachta dá bhforáiltear san Airteagal seo agus ar bhealaí chun eagrú, riar agus bainistiú an TLD arb é .eu ag an gClárlann a fheabhsú.

*Airteagal 14*

*Grúpa Comhairleach na nIl-gheallsealbhóirí .eu*

1. Bunóidh an Coimisiún Grúpa Comhairleach Il-gheallsealbhóirí .eu. Beidh na cúraimí seo a leanas ar Ghrúpa Comhairleach na nIl-gheallsealbhóirí .eu:

   (a) comhairle a thabhairt don Choimisiún maidir le cur chun feidhme an Rialacháin seo;

   (b) tuairimí a eisiúint chuig an gCoimisiún faoi chúrsaí straitéiseacha maidir le bainistiú, eagrú agus riar an TLD arb é .eu, lena n-áirítear saincheisteanna a bhaineann leis an gcibearshlándáil agus le cosaint sonraí;

   (c) comhairle a thabhairt don Choimisiún maidir leis an bhfaireachán agus an mhaoirseacht ar an gClárlann, go háirithe i dtaca leis an iniúchadh dá dtagraítear i bpointe (l) d'Airteagal 10;

   (d) comhairle a thabhairt don Choimisiún maidir leis na cleachtais is fearr i dtaca le beartais agus bearta i gcoinne clárúcháin mhí-úsáideacha ainmneacha fearainn, go háirithe clárúcháin gan chearta ná leasanna dlisteanacha agus clárúcháin arna n-úsáid de mheon mímhacánta.

2. Tabharfaidh an Coimisiún aird ar aon chomhairle ó Ghrúpa Comhairleach na nIl-gheallsealbhóirí .eu agus an Rialachán seo á chur chun feidhme aige.

3. Beidh Grúpa Comhairleach na nIl-gheallsealbhóirí .eu comhdhéanta d’ionadaithe geallsealbhóirí atá bunaithe san Aontas. Gheofar na hionadaithe sin ón earnáil phríobháideach, ón gcomhphobal teicniúil, ón tsochaí shibhialta agus ón lucht léinn, agus chomh maith leis sin, ó údaráis na mBallstát agus ó eagraíochtaí idirnáisiúnta. Cé is moite díobh siúd a gheofar ó údaráis na mBallstát agus ó eagraíochtaí idirnáisiúnta, ceapfaidh an Coimisiún ionadaithe ar bhonn nós imeachta oscailte, neamh -idirdhealaitheach agus trédhearcach, agus lánaird á tabhairt ar phrionsabal an chomhionannais inscne.

4. D’ainneoin mhír 3, d‘fhéadfadh sé go mbeadh ionadaí amháin ó na geallsealbhóirí atá bunaithe lasmuigh den Aontas i nGrúpa Comhairleach na nIl-gheallsealbhóirí .eu.

5. Beidh ionadaí ón gCoimisiún nó duine arna cheapadh ag an gCoimisiún ina chathaoirleach ar Ghrúpa Comhairleach na nIl-gheallsealbhóirí .eu. Cuirfidh an Coimisiún seirbhísí rúnaíochta ar fáil do Ghrúpa Comhairleach na nIl-gheallsealbhóirí .eu.

# CAIBIDIL III
## Forálacha críochnaitheacha

*Airteagal 15*

*Forchoimeád ceart*

Coinneoidh an tAontas gach ceart a bhaineann leis an TLD arb é .eu lena n-áirítear, go háirithe, aon chearta maoine intleachtúla agus cearta eile ar bhunachair sonraí na Clárlainne a theastaíonn chun a áirithiú go gcuirtear an Rialachán seo chun feidhme, mar aon leis an gceart chun an Chlárlann a athainmniú.

*Airteagal 16*

*Meastóireacht agus athbhreithniú*

1. Faoin 13 Deireadh Fómhair 2027 agus gach 3 bliana ina dhiaidh sin, déanfaidh an Coimisiún measúnú ar chur chun feidhme, éifeachtacht agus feidhmiú an TLD arb é .eu, bunaithe, go háirithe, ar an bhfaisnéis arna tíolacadh ag an gClárlann de bhun phointe (l) d'Airteagal 10.

2. Faoin 30 Meitheamh 2020, agus aird á tabhairt ar an gcleachtas reatha, déanfaidh an Coimisiún measúnú i dtaobh an bhfuil an Chlárlann chun comhoibriú le EUIPO agus le gníomhaireachtaí eile de chuid an Aontais agus ar conas a dhéanfar an comhoibriú sin, d'fhonn clárúcháin amhantracha agus mhí-úsáideacha ainmneacha fearainn a chomhrac, agus i dtaobh an bhfuil nósanna imeachta simplí riaracháin le cur ar fáil, go háirithe i dtaca le FBManna, agus ar conas a chuirfear iad ar fáil. Féadfaidh an Coimisiún tuilleadh beart a mholadh i dtaca leis an méid sin, más gá.

3. Faoin 13 Deireadh Fómhair 2024, measúnóidh an Coimisiún an fhéidearthacht síneadh a chur leis na critéir a leagtar amach in Airteagal 9 agus féadfaidh sé, más iomchuí, togra reachtach a thíolacadh.

4. Cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle faoi thorthaí an mheasúnaithe dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 2.

*Airteagal 17*

*Nós imeachta coiste*

1. Déanfaidh an Coiste Cumarsáide (COCOM) a bunaíodh le Treoir (AE) 2018/1972 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1] cúnamh a thabhairt don Choimisiún. Tá an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

2. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

3. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 8 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011, i gcomhar le hAirteagal 5 de.

---

[1] Treoir (AE) 2018/1972 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 lena mbunaítear an Cód um Chumarsáid Leictreonach Eorpach (IO L 321, 17.12.2018, lch. 36).

*Airteagal 18*

*An tarmligean a fheidhmiú*

1. Déantar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh a thabhairt don Choimisiún faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 8(1) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse 5 bliana ón ... [dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo]. Déanfaidh an Coimisiún, tráth nach déanaí ná 9 mí roimh dheireadh na tréimhse 5 bliana, tuarascáil a tharraingt suas maidir le tarmligean na cumhachta. Déanfar tarmligean na cumhachta a fhadú go hintuigthe go ceann tréimhsí comhfhaid, mura rud é go gcuireann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaithe sin tráth nach déanaí ná trí mhí roimh dheireadh gach tréimhse.

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 8(1) a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na gcumhachtaí a shonraítear sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 8(1) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse 2 mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dheireadh na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú 2 mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

*Airteagal 19*

*Forálacha idirthréimhseacha*

1. Coinneoidh sealbhóirí ainmneacha fearainn ag a bhfuil ainmneacha fearainn a cláraíodh de bhun phointe (b) d'Airteagal 4(2) de Rialachán (CE) Uimh. 733/2002 a gcearta a bhaineann leis na hainmneacha fearainn atá cláraithe cheana.

2. Faoin 12 Deireadh Fómhair 2021, glacfaidh an Coimisiún na bearta is gá chun eintiteas a ainmniú mar Chlárlann agus chun conradh a dhéanamh leis an gClárlann de bhun an Rialacháin seo. Beidh feidhm ag an gconradh ón 13 Deireadh Fómhair 2022.

3. An conradh a thabharfar chun críche idir an Coimisiún agus an Chlárlann de bhun phointe (c) d'Airteagal 3 (1) de Rialachán (CE) Uimh. 733/2002, leanfaidh sé d'éifeacht a bheith leis go dtí an 12 Deireadh Fómhair 2022.

*Airteagal 20*

*Leasú ar Rialachán (CE) Uimh. 733/2002*

In Airteagal 4(2) de Rialachán (CE) Uimh. 733/2002, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

"(b) ainmneacha fearainn a chlárú san TLD arb é .eu trí aon Chláraitheoir .eu arna iarraidh sin ag:

(i) saoránach de chuid an Aontais, gan beann ar a áit chónaithe;

(ii) duine nádúrtha nach saoránach de chuid an Aontais agus is cónaitheoir i mBallstát;

(iii) gnóthas atá bunaithe laistigh den Aontas; nó

(iv) eagraíocht atá bunaithe laistigh den Aontas, gan dochar d'fheidhmiú an dlí náisiúnta.".

*Airteagal 21*

*Aisghairm*

Déantar Rialachán (CE) Uimh. 733/2002 agus Rialachán (CE) Uimh. 874/2004 a aisghairm le héifeacht ón 13 Deireadh Fómhair 2022.

*Airteagal 22*

*Teacht i bhfeidhm*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an *fichiú* lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 13 Deireadh Fómhair 2022.

Beidh feidhm ag Airteagal 20 ón ... [sé mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], áfach.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

| | |
|---|---|
| *Thar ceann Pharlaimint na hEorpa* | *Thar ceann na Comhairle* |
| *An tUachtarán* | *An tUachtarán* |